


# COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



## Cleachtas agus Comhthéacsanna Tionscail: Maoinú scannán

### Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- na príomhchineálacha foras maoinithe scannán sa RA agus in Éirinn a shainaithint agus a bheith ábalta sampla amháin de gach ceann acu a thabhairt (mar shampla coimisiúin réigiúnacha/náisiúnta scannán agus craoltóirí réigiúnacha/náisiúnta).

### Inneachar an Chúrsa

Sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn tá roinnt dóigheanna ar féidir maoiniú a fháil do thionscadal scannáin nó teilifíse. Níos minice ná a mhalairt a úsáidtear meascán d'fhoinsí le tionscadal a mhaoiniú. Áirítear na rudaí a leanas:

#### Maoiniú ó Chraoltóir nó Stiúideo:

Más mian le stiúideo scannán a dháileadh nó más mian le craoltóir é a chraoladh sa deireadh ar an teilifís seans go maoineoidh siad cuid de na costais léirithe nó iad uilig má thugtar na cearta sin dóibh.

Is grúpa de stiúideonna clúiteacha cumhachtacha, leithéidí *Warner Brothers*, *Disney*, *Paramount*, *Fox* agus *Universal* is mó a léiríonn agus a dháileann bunús na scannán Hollywood.

Sa RA thug *BBC Films* agus rannóg *Film Four* de chuid *Channel Four* maoiniú iomlán nó cuid den mhaoiniú do na scórtha príomhscannán.

Le tamall beag tá seirbhísí sruthaithe ar líne, leithéidí *Amazon Prime* agus *Netflix*, anois ag coimisiúnú agus ag tabhairt maoiniú díreach do scannáin agus sraitheanna teilifíse le hiad a léiriú agus dáileann siad iad fosta trína n-ardáin féin.

#### Infheistíocht Cothromais Phríobháideach:

Féadann léiritheoir dul chuig infheisteoirí príobháideacha d'fhonn tionscadal a mhaoiniú. Déanfar brabúis an scannáin a roinnt idir na hinfeisteoirí ansin má ghnóthaíonn an scannán go leor airgid.

### Maoiniúchán Poiblí:

Sa RA is é an *British Film Institute* an príomhfhóras poiblí atá freagrach as seo. Chomh maith leis sin tá roinnt forais réigiúnacha agus náisiúnta maoinithe scannán a úsáideann airgead poiblí le léiriú scannán a thacú agus a spreagadh.

I dTuaisceart Éireann tá an ról sin ag Scáileán Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Screen*), dream a mhaoiníonn léiriú dúchasach scannán agus chomh maith leis sin a thugann tacaíocht lóistíochtúil agus airgeadais do léirithe eachtracha atá á scannánú i dTuaisceart Éireann (m.sh. an tsraith teilifíse *Game of Thrones*). I bPoblacht na hÉireann tá an ról céanna ag Bord Scannán na hÉireann.

**Cás staidéar: Má amharctar ar scannáin den stiúrthóir Tom Hooper, is féidir éagsúlacht de shamhlacha maoinithe a fheiceáil.**

Fuair a chéad príomhscannán *The Damned United* (2009) maoiniú ó *BBC Films*, ó *Screen Yorkshire* – an ghníomhaireacht scannán réigiúnach de chuid Shasana, agus ó *Columbia Pictures*, stiúideo scannán faoi úinéireacht Sony, an comhlacht leictreonaice Seapánach. Mar shochar ar an infheistíocht acu choinnigh Sony na cearta dáileacháin agus choinnigh an BBC an ceart leis an scannán a chraoladh sa RA.

Mhaoinigh meascán d'fheistíocht chothromais phríobháideach agus d'airgead ón fhóras maoinithe, Comhairle Scannáin na Ríochta Aontaithe nach ann di níos mó, an dara príomhscannán aige *The King's Speech* (2010).

I gcás a thríú príomhscannán, *Les Misérables* ++ (2012), tugadh maoiniú ón chomhlacht léirithe de chuid na Breataine *Working Title Films*, ón chomhlacht léirithe agus dáilte Francach *Studio Canal*, ón chomhlacht léirithe Meiriceánach *Relativity Media* agus ón stiúideo Hollywood, *Universal Pictures*.

